Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13467/22**

**AGRI 529**
**AGRIFIN 117**
**AGRIORG 107**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Staid na margaí, go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin<br>- Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit<br>- Malartú tuairimí |

Mar ullmhúchán don Chomhairle (Talmhaíocht agus Iascach) an 17-18 Deireadh Fómhair 2022, gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn nóta ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite.

**Staid na margaí talmhaíochta, go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin**

Is iomaí dúshlán atá roimh fheirmeoirí na hEorpa i mbliana. Tá iarmhairtí doimhne domheasta ar an gcogadh san Úcráin nach bhfuil aon locht orainne ina leith. Tá an cogadh ag dul ar aghaidh le roinnt míonna anuas agus tá sé fós ag cur isteach ar staid na margaí talmhaíochta. Tá an brú airgeadais ar earnáil na talmhaíochta ag éirí iomarcach do mhórán táirgeoirí. Rinneadh bearta ar an leibhéal Eorpach chun tionchar an chogaidh san Úcráin a mhaolú i gcomhthéacs slabhraí soláthair a bheith suaite agus praghsanna arda. Tá, i measc nithe eile, cabhair eisceachtúil um choigeartú ar luach EUR 500 milliún í curtha ar fáil ag an Aontas (faoi Rialachán CEM) do na hearnálacha is mó atá buailte, agus ag an am céanna creat sealadach géarchéime tugtha isteach aige maidir le státchabhair.

Is iomaí Ballstáit den Aontas a ndeachaigh triomach i bhfeidhm air ag amanna éagsúla i mbliana freisin agus bhí drochthionchar aige sin ar an táirgeadh talmhaíochta agus beidh go ceann tamaill fós. Agus séasúr an gheimhridh ar leic an dorais, tá géarghá agus práinn lena áirithiú go ndéanfar barra an fhómhair a chur agus go n-áiritheofar leasacháin agus táirgí cosanta plandaí freisin. Is gá an soláthar fuinnimh a dhaingniú chun táirgeadh leanúnach a áirithiú fiú i dtionscail dianfhuinnimh.

Faoi láthair, is fadhb shuntasach in earnáil na talmhaíochta é leasacháin inacmhainne a sholáthar. Mar thoradh ar an toirchiú a bheith á dteorannú toisc go bhfuil leasacháin costasach nó nach bhfuil leasacháin ar fáil, tá meath ag teacht ar an táirgiúlacht agus d’fhéadfadh sé a bheith ina bhagairt de réir a chéile ar neamhthuilleamaíocht bia san Aontas. Mar sin féin, tá drochthionchair ag an staid reatha ní hamháin ar fheirmeoirí ach ar tháirgeoirí leasacháin san Aontas freisin. Má théann cúrsaí in olcas, d’fhéadfadh sé go dtiocfadh meath ar an táirgeadh a dhéanann roinnt táirgeoirí leasacháin san Aontas nó go stopaidís de bheith ag táirgeadh, lena n-áirítear drochthionchair ar an táirgeadh talmhaíochta.

Tá amhras agus éiginnteacht ann freisin faoina bhfuil i ndán do mhargadh tráchtearraí beostoic na hEorpa. Ó thaobh táirgeadh beostoic de, is féidir a mheas gurb é is tromchúisí ar fad an méadú díréireach ar ionchuir an táirgthe agus go dteiptear an méadú sin a léiriú sna praghsanna tráchtearraí talmhaíochta. Mar sin féin, tá tionchar ag tosca eile ar earnáil na dtráchtearraí beostoic, lena n-áirítear, sa bhreis ar na tosca sin a luadh cheana, cúrsaí galair, agus fiabhras Afracach na muc agus fliú na n-éan go háirithe a bheith ag cur isteach ar mhargaí muiceola agus éineola an Aontais. Bunaithe ar fhaisnéis ón gCoimisiún, tá laghdú ag teacht ar an táirgeadh i mbeagnach gach earnáil beostoic, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar neamhthuilleamaíocht an Aontais. Rachaidh an staid sin in olcas agus séasúr an fhómhair agus an gheimhridh linn, ar tréimhsí dianfhuinnimh iad de ghnáth, agus de bharr méadú a mheastar a bheidh ar phraghsanna beatha chumaisc.

------------------------------------------------------

I bhfianaise a bhfuil ag titim amach faoi láthair ar mhargaí talmhaíochta agus an ghá atá le céimeanna ionchasacha breise a mheas, molann Uachtaránacht na Seicia an plé a dhíriú ar an 2 cheist seo a leanas:

1. Cad é taithí agus ionchais bhreise na mBallstát maidir leis na bearta a cuireadh i bhfeidhm go dtí seo chun tionchar na géarchéime a mhaolú tar éis an ionraidh ar an Úcráin, go háirithe tabhairt isteach na Cabhrach Eisceachtúla um Choigeartú faoi Rialachán CEM nó an Chreata Shealadaigh Géarchéime um Státchabhair.

2. Cad é an tionchar, dar leis na Ballstáit, ar an méadú mór ar phraghas na n-ionchur talmhaíochta, go háirithe na leasacháin, agus cé na bearta a mheasfadh na Ballstáit a bheith iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an staid sin, go háirithe maidir lena n-infhaighteacht agus infhaighteacht eilimintí ionchuir chun iad a tháirgeadh.